C/2024/6973

15.11.2024

Réamhfhógra faoi chomhchruinniú

(Cás M.11673 – DK / YSCO)

Cás a d'fhéadfaí a chur faoin nós imeachta simplithe

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

(C/2024/6973)

1. An 8 Samhain 2024, fuair an Coimisiún fógra maidir le comhchruinniú atá beartaithe, fógra a tugadh de bhun Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([1]).

Is leis na gnóthais seo a leanas a bhaineann an fógra sin:

— Glacier Acquisitions Designated Activity ('Glacier', Éire), faoi bhainistiú agus rialú deiridh Davidson Kempner Capital Management LP ('DK') (Stáit Aontaithe Mheiriceá),

— Ysco NV ('Ysco', an Bheilg), faoi rialú Milcobel CV (an Bheilg).

Gheobhaidh DK rialú aonair, de réir bhrí Airteagal 3(1)(b) den Rialachán um Chumaisc, ar Ysco ina iomláine.

Baintear an comhchruinniú amach trí bhíthin ceannach scaireanna.

2. Is iad seo a leanas gníomhaíochtaí gnó na ngnóthas lena mbaineann:

— Is gnólacht bainistithe infheistíochtaí institiúideacha atá lonnaithe sna Stáit Aontaithe é DK, gnólacht a chuireann comhairle ar Glacier, a dhéanann é a bhainistiú agus a bhfuil rialú deiridh aige air, ar cuideachta é sin atá gníomhach i bhfáil, sealbhú, bainistiú, maoiniú, athmhaoiniú, bailiú, diúscairt agus/nó díol sócmhainní airgeadais de gach cineál ar fud ar domhain,

— Is cuideachta é Ysco atá gníomhach i monarú uachtair reoite.

3. Tar éis réamhscrúdú a dhéanamh, is é cinneadh an Choimisiúin go bhféadfadh an t-idirbheart faoinar tugadh fógra a bheith faoi raon feidhme an Rialacháin um Chumaisc. Ach forchoimeádtar an cinneadh críochnaitheach maidir leis sin.

De bhun an Fhógra ón gCoimisiún maidir le cóireáil shimplithe le haghaidh comhchruinnithe áirithe faoi Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle maidir le comhchruinnithe a rialú idir gnóthais ([2]), ba cheart a thabhairt faoi deara go bhféadfaí an cás seo a chur faoin nós imeachta a leagtar amach san Fhógra.

4. Iarrann an Coimisiún ar thríú páirtithe leasmhara aon bharúil a bheadh acu maidir leis an oibríocht atá beartaithe a chur faoi bhráid an Choimisiúin.

Ní mór na barúlacha a bheith faighte ag an gCoimisiún tráth nach déanaí ná 10 lá tar éis dháta a fhoilsithe seo. Ba cheart an tagairt seo a leanas a lua i gcónaí:

M.11673 – DK / YSCO

Is féidir barúlacha a sheoladh chuig an gCoimisiún le ríomhphost nó tríd an bpost. Baintear úsáid as na sonraí teagmhála seo thíos:

Seoladh Ríomhphoist: COMP-MERGER-REGISTRY@ec.europa.eu

([1]) IO L 24, 29.1.2004, lch. 1 (an 'Rialachán um Chumaisc').
([2]) IO C 160, 5.5.2023, lch. 1.

Seoladh poist:

European Commission
Directorate-General for Competition
Merger Registry
1049 Bruxelles/Brussel
BELGIQUE/BELGIË